

Léacht ag an gcomhdháil “Pobal na Gaeilge sa Ré Dhigiteach” arna eagrú ag Gréasán na Meán, Rosg, agus Údarás na Gaeltachta, 10 Márta 2016.

## Teicneolaíocht agus Mionteangacha Kevin Scannell

Ba mhaith liom cúpla rud a rá faoi **normalú mionteangacha** sa réimse teicneolaíochta. Déarfainn gurb é seo an phríomhaidhm i mo shaol oibre le blianta fada anuas.

Sa lá atá inniu, ‘séard atá i gceist le “normalú” ná:

- Timpeallacht aonteangach ar an ríomhaire agus ar shuíomhanna Idirlín, is é sin le rá, comhéadain a logánú. Thosaigh mé leis an obair seo beagnach fiche bliain ó shin, mar fhoghlaimoir i m’aonar i Meiriceá a bhíodh os comhair an ríomhaire an t-am ar fad, agus anois tá dream den chéad scoth againn ag obair ar réimse leathan táirgí: Mícheál Johnny Ó Meachair ina measc agus go leor daoine eile. Dar liomsa, ní féidir tumoideachas ná gaelscolaíocht a sholáthar, mar shampla, má tá cuid mhaith den ríomhaire i mBéarla.
- Úsáid mionteangacha ar líne, sna meáin shóisialta go háirithe; cumarsáid seachas comhéadan amháin atá i gceist
- Uirlisí ionchurtha agus profála, le húsáid mionteangacha ar an ríomhaire a éascú

Ar ndóigh, athraíonn cúrsaí teicneolaíochta go sciobtha agus gan stad. Céard a bheidh i gceist le “normalú” amach anseo? Gan dabht, roinnt de na teicneolaíochtaí a phléamar inniu: réaltacht fhíorúil, tumchluichí, ríomhairí inchaite, róbait, intleacht shaorga, comhéadain ghutha, Idirlíon na nEarraí, agus mar sin de.

Leis an bhfírinne a rá, níl aon saineolas agam ar na cúrsaí ardteicneolaíochta seo! Ach, tá mé ag obair sa réimse ginearálta seo le blianta fada, agus tá tuiscint éigin agam ar na coinníollacha atá riachtanach le forbairt den sórt seo, agus conas is féidir togra a choinneáil beo san fhadtéarma gan mórán airgid.

Cad é an “Seachtú Glúin” seo? Fealsúnacht de chuid na Móhácach i Meiriceá Thuaidh atá ann - nuair a dhéantar cinneadh tromchúiseach ar bith, deirtear gur chóir an tionchar a imreoidh sé ar an seachtú glúin sa todhchaí a chur san áireamh.

Sin an cheist atá agam inniu: is cuma liom faoi aon teicneolaíocht ar leith... conas is féidir linne infreastruchtúr teicniúil agus teangeolaíochta a chruthú anois, sa chaoi go mbeidh an seachtú glúin romhainn in ann an teanga a úsáid?

Ar ndóigh, tá teannas ann idir an cheist seo agus an géarghá le hacmhainní ríomhaireachta sa teanga, *láithreach bonn*. Ach creidim gur féidir linn an dá thrá a fhreastal.

Seans go bhfuil a fhios agaibh go bhfuil níos mó ná seacht míle teanga á labhairt ar domhan. Ach cuireann seo iontas ar dhaoine uaireanta - gur rud as an ngnáth é córas scríofa i measc

teangacha an domhain. Tá i bhfad níos mó teangacha neamhscríofa ná scríofa ann. Agus níos spéisiúla fós: is aistriúcháin den Bhíobla cuid mhaith de na trí mhíle sin, agus tá mé measartha cinnte go bhfuil *níos lú* ná míle teanga atá scríofa ag pobal na teanga féin. Sna meáin shóisialta mar shampla, feictear timpeall is ceithre chéad teanga ar Twitter, b'fhéidir níos mó ar Facebook. Trí chéad teanga le Vicipéid, céad is ochtó le litreoir, agus tá príomhleathanach chuardach Google ar fáil i gcéad is caoga teanga; an comhéadan is ilteangaí go bhfios dom.

Cé hiad na daoine atá taobh thiar na litreoirí seo, na haistriúcháin seo, na Vicipéidí seo? Is minic gurb é duine amháin atá freagrach as formhór na teicneolaíochta i mionteanga; tugaim “laochra” ar na daoine seo. Ba mhaith liom cúpla cara a lua!

Ar dtús, *Edmond Kachale*. Cainteoir dúchais na Siséivise; an teanga náisiúnta sa Mhaláiv. Is ríomhchláraitheoir gairmiúil é sa lá, agus tá éachtaí déanta aige ar son na Siséivise ar an Idirlíon. Is é Edmond a d'aistrigh príomhleathanaigh Google agus cuid mhaith de Facebook. Is eisean atá freagrach as go leor téarmaí ríomhaireachta nua sa teanga as a stuaim féin. Agus d'fhorbair sé roinnt arduirlisí teangeolaíochta: clibeálaí, parsálaí, mar shampla; aon cheann amháin acu ina ábhar PhD d'éinne eile! Oh agus scríobh sé eagarthóir téacs speisialta atá dírithe ar dhaoine a scríobhann i Siséivis.

An chéad laoch eile ná *Mícheál Bauer*. Gearmánach le Gàidhlig líofa (chomh maith le Gaeilge, Gearmáinis, Béarla, Sínis, Bascais, agus roinnt teangacha eile), ina chónaí i nGlaschú. Is aistritheoir gairmiúil é agus tá sé dochreidte an méid atá déanta aige ar son na Gàidhlig: foclóir mór leictreonach, leagan leictreonach den seanfhoclóir Dwelly (an “Dinneen” atá acu thall), litreoir, córas téacs-go-caint, agus *neart* aistriúchán ar bhogearraí: Firefox, Thunderbird, Ubuntu Linux, Skype, LibreOffice, WordPress, cuid mhaith de Microsoft Windows, Opera, ...

B'fhéidir gur thug sibh faoi deara ar an liosta sin go bhfuil Microsoft Windows ar fáil i nGaeilge na hAlban, ach níl sé ar fáil i Siséivis. Tá Gmail, Twitter, agus Facebook againn i nGaeilge, ach níl siad i nGaeilge na hAlban. Agus tá go leor bearnaí ann ó thaobh bogearraí i nGaeilge fós. Cén fáth? Is léir go bhfuil daoine paiseanta ann a bhfuil na scileanna teicneolaíochta acu, an cumas sa teanga, agus atá sásta obair a dhéanamh ar son na cúise. Tá an freagra an-simplí: **is cuma leis na mórchomhlachtaí teicneolaíochta faoi mhionteangacha**. Deir Facebook gur mhaith leo an suíomh a chur ar fáil “i ngach teanga ar fud an domhain” ach is seafóid amach is amach é sin. Timpeall is céad teanga acu faoi láthair, ach níl siad sásta glacadh le mórán teangacha nua, fiú nuair a bhíonn daoine sa phobal sásta an t-aistriúchán a dhéanamh saor in aisce, agus nuair nach bhfuil aon chonstaic theicniúil roimh b'fhéidir cúig chéad nó míle teanga a thacú. An toradh air seo? Uimhir a haon, is gá dúinn brú a chur ar na comhlachtaí seo chun dul chun cinn a dhéanamh anois (tuilleadh faoi seo ar ball), agus uimhir a dó, gur botún é bheith ag brath ar na comhlachtaí seo mar straitéis fhadtéarmach, má táimid ag díriú ar an seachtú glúin romhainn. Is ceart a chuimhniú go raibh an Ghaeilge ar an bhfód i bhfad sula raibh Google nó Facebook ann, agus déarfainn go mbeidh sé anseo nuair a bheidh na comhlachtaí sin imithe.

---

## Cad iad na riachtanais nó na coinníollacha le teicneolaíocht teanga a fhorbairt mar sin?

- Saineolas teicniúil
- Saineolas teanga
- Acmhainní: cód agus sonraí teanga
- Seachadadh forleathan; seo é an rud is casta... is minic go gciallaíonn seo pairtnéireacht le mórchomhlacht den sórt atá deacair a shocrú. Mar shampla, chun líonra sóisialta a chur ar fáil i do theanga, tá rogha agat: (1) do líonra sóisialta féin a chruthú (2) staonadh go hiomlán ó na líonraí sóisialta (3) na cinn atá ann a úsáid i mBéarla (4) comhoibriú Facebook nó Twitter nó Snapchat a bhaint amach. An scéal céanna le, mar shampla, ríomhchlúichí 3D; FIFA, Call of Duty agus a leithéid. Uaireanta, *is féidir* córas dár gcuid féin a chruthú, nuair nach mbíonn na constaicí teicniúla ná sóisialta chomh hard sin; mar shampla teaglann.ie, abair.ie, srl. Agus uaireanta is féidir comhoibriú a dhéanamh le heagraíocht neamhbhrabúis, seachas comhlacht mór, mar shampla Mozilla Firefox...

Taispeánann an pictiúr seo na ceithre riachtanais, chomh maith le roinnt togra. B'fhéidir go bhfuil sé róchasta mar léiriúchán, ach fágfaidh mé suas ar feadh cúpla nóiméad é!

Ba mhaith linn rudaí a bheith i lár an phictiúir. Trí shampla agam sa lár: leagan Gaeilge de Gmail (sampla amháin ina raibh rath ar chomhoibriú le comhlacht, mar gheall ar “ally” ar an taobh istigh), Firefox (eagraíocht neamhbhrabúis), Teaglann.ie (rialtas).

Google Translate: togra ina bhfuil na hacmhainní acu, anaineolas teicniúil ar ndóigh, agus ardán seachadta dochreidte, ach easpaaineolas teanga, agus tá na torthaí air sin feicthe agaibh.

Siri as Gaeilge: níl sé againn fós, ach táaineolas teanga agus teicniúil againn (daoine sa seomra seo!). An príomhrud a theastaíonn uainn faoi láthair ná acmhainní teanga (taifeadtaí, srl). Ach ní leor é sin. Caithfear comhoibriú Apple a bhaint amach len é a chur ar fáil ar iPhone.

Conas is féidir linn na ceithre riachtanas seo a chur i bhfeidhm?

I dtosach báire, ó thaobh acmhainní teanga, ba mhaith liom ailtireacht den sórt seo a mholadh: “service-based architecture” i mBéarla. Is éard atá sna seirbhísí ná cód agus sonraí “sa néal”; déanann gach ceann acu jab ar leith. Mar shampla, má chuirtear téacs go dtí an Gramadóir, aimsíonn sé na botúin agus cuireann sé liosta ar ais i bhformáid inphróiseáilte éigin. Leis an struchtúr seo, bheadh sé thar a bheith éasca suíomhanna nua agus aipeanna nua a chruthú go sciobtha, trí na píosaí a chur le chéile, agus taighde agus forbairt a dhéanamh ar na seirbhísí san fhadtéarma. Mar shampla, bheadh duine éigin in ann aip dírithe ar fhoghlaimeoirí a chruthú a fhaigheann na scéalta is déanaí ó tuairisc.ie, sa chaoi gur féidir na focail chrua a chliceáil agus sainmhíniú a fháil ó teaglann.ie, nó abair.ie a léamh os ard trí chumarsáid le abair.ie. Nó mar shampla eile, feidhmchlár dírithe ar aistritheoirí; chuirfí téacs Béarla isteach, dhéanfadh sé dréachtaistriúchán le Tapadóir, chuirfeadh sé focloir.ie agus tearma.ie ar fáil go héasca, ansin an t-aistriúchán a sheiceáil le GaelSpell.

Arís maidir le hacmhainní, ní mór dúinn cur chuige oscailte a leanúint. Is cuid den infreastruchtúr fadtéarmach a luaigh mé cód agus acmhainní teanga; ní bheidh mise anseo i gceann céad bliain, ach déarfainn go mbeidh na sonraí teanga a chruthaigh mé in úsáid fós, agus b'fhéidir an cód freisin. Feicfidimid!

Ó thaobh saineolas teicniúil. Tá sé tábhachtach páistí óga a mhealladh chun ríomhchlárú; dá mbeadh suim ag éinne i gclub ríomhchláraithe a bhunú trí mheán na Gaeilge, bheinn sásta páirt a ghlacadh, ábhar a chur le chéile, mar sin de. Tá aistriúchán ar an teanga Scratch againn, agus go leor féidearachtaí eile. Chomh maith leis sin, ag an tríú leibhéal, caithfear tacaíocht a thabhairt do thaighdeoirí óga sa réimse seo, le forbairt a dhéanamh ar na tograí atá ann anois, agus an chéad ghlúin eile a thraenáil.

Agus mar fhocal scoir, creidim gur féidir níos mó brú a chur ar na mórchomhlachtaí; brú “anuas” ón rialtas go háirithe ar chomhlachtaí atá ag déanamh gnó in Éirinn, agus brú “aníos” ón pobal go díreach mar atá déanta go minic ag dreamanna eile cosúil le pobal na Catalóinise agus pobal na Bascaise. Ar aghaidh linn!